Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2021**
**(OR. en, pl)**

**13242/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0048(NLE)**

**RECH 470**
**COMPET 748**
**IND 305**
**MI 784**
**SAN 635**
**TRANS 638**
**AVIATION 267**
**ENER 458**
**ENV 800**
**SOC 613**
**TELECOM 393**
**AGRI 507**
**SUSTDEV 138**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach<br>- Glacadh<br>*Ráiteas ón bPolainn*<br>*- Ráiteas ón Ungáir* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal ráiteas ón bPolainn, in éineacht le haistriúchán caoincheada Béarla agus ráiteas ón Ungáir.

**Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach**

**Ráiteas ón bPolainn**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i bhfoclaíocht ar bith ina dtagraítear don téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.

**Ráiteas ón Ungáir**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Anuas air sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' ná tagairt don ghnéas agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne' ná tagairt don chomhionannas idir mná agus fir.